# Gné 2: Prionsabail, amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra

## Gníomhaíochtaí ar Phrionsabail a bhaineann le *Leanaí agus a saol sa luath-óige*: Gníomhaíochtaí A-E

## Gníomhaíocht C: Cíoradh a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú le cur ar chumas leanaí a gcuid inniúlachta agus muiníne a léiriú

**Cuid 1: Smaoineamh faoi inniúlacht agus faoi mhuinín na leanaí**

Uaireanta d'fhéadfadh gur dúshlán agus gur údar imní é do dhaoine fásta tacú le leanaí a gcuid muiníne agus inniúlachta a léiriú i do shuíomh. Iarrtar ort sa ghníomhaíocht seo breathnú ar *rogha grianghraf de leanbáin, de lapadáin agus de leanaí óga* atá ag léiriú a gcuid muiníne agus inniúlachta, a bhíonn ag méadú. Déan machnamh ar a bhfaca tú agus comhlánaigh an tábla thíos.

### Smaoineamh faoi na grianghraif

| Cé na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar na leanaí agus ar na heispéiris atá acu sna grianghraif seo? |
| --- |
| |

**An gceapann tú go nglacfadh leanaí i do shuíomh páirt sna heispéiris seo? Má cheapann, cén fáth? Mura gceapann, cén fáth?**

**Nótaí iarghníomhaíochta**

Cé nach mór dúinn a chinntiú go mbíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga slán sábháilte i gcónaí, ní mór dúinn muinín a chur iontu freisin agus roinnt mhaith deiseanna a thabhairt dóibh triail a bhaint as rudaí nua agus rioscaí a mheas as a stuaim féin. Uaireanta tógfaidh sé seo níos mó ama agus beidh ar an leanbh dul i dtaithí air. B'fhéidir ag an tús go mbeadh roinnt tacaíochta uait ag teastáil, mar shampla, deochanna a chur amach, bia a chur ar an mbord, dul suas ar bhalla íseal nó ar chrann, siosúr a úsáid, míreanna mearaí a chur le chéile, ach is fiú an tairbhe an trioblóid. Cé go bhféadfadh an cur chuige seo eagla a chur orainn nó cur as dúinn mar dhaoine fásta, is é sin an chaoi a bhfoghlaimíonn leanaí — trí thaithí phraiticiúil. Ná déan dearmad gurb í an chaoi í a bhfoghlaimímid uile. Smaoinigh siar ar an uair a bhí tú féin ag foghlaim cén chaoi le tiomáint, cáca milis a bhácáil, bonn a athrú, peil a imirt, nó snámh.

An chéad uair eile a bheidh tú ag obair le leanbh a bhíonn ag iarraidh dul suas ar chathaoir, bloc a chur leis an túr, im a chur ar phíosa tósta le scian, a gcóta a zipeáil suas, an ceamara, an ríomhaire agus an printéir a úsáid le leabhair nó le scéalta dá gcuid féin a chruthú, troscán agus trealamh a bhogadh timpeall leis an seomra a athrú ina bhialann, ina ionad sláinte, nó ina phostoifig, seas siar agus breathnaigh orthu. Déan do dhícheall gan a bheith sa mhullach ar na leanaí; d'fhéadfá imní a chur orthu agus b'fhéidir nach mbeidís in ann díriú ar a mbeidh á dhéanamh acu dá bharr. De réir mar a rachaidh tú féin i dtaithí ar sheasamh siar agus a bheith in aice láimhe má bhíonn tú ag teastáil uathu, feicfidh tú cé chomh hinniúil a fhéadann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith nuair a thugtar deis dóibh. Ná déan dearmad, ní hionann a bheith in aice láimhe má bhíonn tú ag teastáil agus cur isteach ar an leanbh le 'cúnamh' a thabhairt dóibh!

Breathnaítear ar leanaí mar fhoghlaimeoirí muiníneacha, inniúla, fiosracha agus cruthaitheacha i *Síolta* agus in *Aistear*, mar sin, is tábhachtach duitse, mar ghairmí, tacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith chomh hinniúil agus chomh muiníneach agus is féidir leo. Is féidir leat amhlaidh a dhéanamh ach muinín a chur iontu, fiú má bhíonn imní nó drogall ort féin! B'fhéidir go gcabhródh an chéad ghníomhaíocht eile leat é sin a dhéanamh.

**Cuid 2: Na dúshláin atá le sárú le cur ar chumas leanaí a gcuid inniúlachta agus muiníne a léiriú**

**Iarrtar ort sa ghníomhaíocht seo súil siar a chaitheamh ar** Eispéireas Foghlama 20: *D'éirigh liom, sheas mé suas!*, Eispéireas Foghlama 64: *Is buachaillí a bhíonn ina bpíolótaí* agus an tEispéireas Foghlama maidir le *Dineasáir*

Déan machnamh ar a bhfaca tú sa láithreoireacht grianghraf, sna heispéiris foghlama agus i do chuid cleachtas féin agus an tábla thíos á chomhlánú agat.

## Dúshláin agus réitigh

| Na dúshláin atá le sárú le cur ar chumas leanaí a gcuid inniúlachta agus muiníne a léiriú |
| --- |
| |
| **Réitigh nó freagairtí ar na dúshláin seo** |
| |